Do vacsaíní in aghaidh COVID-19

Oibrithe cúraim sláinte

VACSAÍN COVID-19
Comhairle Sláinte Poiblí

Cén fáth ar cheart dom vacsaín eile in aghaidh COVID-19 a fháil?

Má oibríonn tú sa chúram sláinte, tá ardriosca ann go dtiocfaidh tú i dteagmháil le COVID-19.

Tá sé tábhachtach coinneáil suas chun dáta le do vacsaíní in aghaidh COVID-19, fiú má tá tú vacsaínithe cheana féin nó má bhí COVID-19 ort. Is amhlaidh an scéal toisc go bhféadfadh an chosaint a fuair tú ó na vacsaíní a fuair tú cheana nó an chosaint a fuair tú ó ionfhabhtú COVID-19 féin éirí ní ba laige le himeacht ama.

Cuireann teanndáileoga leis an gcosaint atá agat féin in aghaidh COVID-19 agus tugann cosaint chomh maith do na daoine a bhíonn faoi do chúram gach lá.

Cá mhéad dáileog vacsaíne in aghaidh COVID-19 ba cheart dom a bheith faighte agam?

Tá an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh (NIAC) ag moladh:

- gur cheart duit do chéad bhabhta vacsaíní in aghaidh COVID-19 a bheith faighte agat (2 dháileog de ghnáth, ach amháin na daoine siúd a fuair dáileog amháin de vacsaín Janssen in aghaidh COVID-19)
- gur cheart duit an chéad teanndáileog a fháil ansin
- agus gur cheart duit an dara teanndáileog a fháil ina diaidh sin

Cathain ba cheart dom teanndáileog a fháil?

Ba cheart duit an teanndáileog a fháil ceithre mhí ar a laghad tar éis do vacsaíne deiridh in aghaidh COVID-19.

Má bhí COVID-19 ort ó shin, ba cheart duit fanacht go ceann 4 mhí ar a laghad ón uair a tháinig na siomptóim ort den chéad uair nó ón uair a fuair tú an toradh deimhneach roimh duit an teanndáileog a fháil.

Céard is eol dúinn faoi shábháilteacht na dteanndáileog?

Níl an méid céanna faisnéise againn maidir le sábháilteacht an dara teanndáileog agus teanndáileoga eile den vacsaín in aghaidh COVID-19. Mar sin féin, tá roinnt dáileog de vacsaíní in aghaidh COVID-19 tugtha do dhaoine in an-chuid tíortha. Níl aon ní is údar imní ó thaobh sábháilteachta de tagtha chun cinn i staidéir ar dhaoine a fuair ní ba mhó ná teanndáileog amháin.

An bhfuil teanndáileoga vacsaíne ceadúnaithe ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach?

Níl an dara teanndáileog ná teanndáileoga eile de vacsaíní mRNA ceadaithe ag an nGníomhaireacht.

D'fhéadfadh sé nach mbeadh moltaí an Choiste ag teacht le moltaí na Gníomhaireachta i ngach uile chás de bharr nach mbíonn an Coiste ag breathnú ach ar shonraí agus ar chás na hÉireann amháin. In Éirinn, is í comhairle an Choiste Chomhairligh Náisiúnta um Imdhíonadh (NIAC) a gcloímid léi.

An féidir liom an vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil ag an am céanna leis an vacsaín fliú?

Tá. Má tá sé in am duit vacsaín fliú a fháil, is féidir leat vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil ag an am céanna. Is iondúil go gcuirtear vacsaíní fliú ar fáil idir mí Dheireadh Fómhair agus mí Aibreáin. Ní gá duit fanacht leis an vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil ag an am céanna le do vacsaín fliú, áfach – is féidir leat do vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil anois.

Tuilleadh eolais

Tá eolas tábhachtach maidir leis na vacsaíní in aghaidh COVID-19 le fáil ar **hse.ie/covid19vaccine, é sin nó cuir glao ar fhoireann HSELive ar 1800 700 700**. Bíonn siad ar oscailt ó 8 r.n. go 8 i.n. ó Luan go hAoine agus ó 9 r.n. go 5 i.n. ar an Satharn agus ar an Domhnach.

Is féidir leat labhairt le do dhochtúir teaghlaigh, altra, cógaiseoir nó vacsaíneoir chomh maith.

Arna fhoilsiú ag FSS an 30 Lúnasa 2022

Leagan 1

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland